# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Cáisc 2024

## Féile Scoildrámaíocht 20/2/24



Ghlac Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra páirt sa bhFéile Scoildrámaíocht leis an dráma 'Na Trí Mhuichín'. Ghlac Rang 4,5 agus 6 páirt sa bhféile freisin leis an dráma 'An t-Oráiste'. Bhuaigh an dá dhráma an chéad áit lena gcuid drámaí. Chuaigh na hardrangnna tríd go dtí an Fhéile Chonnachta. Fuair Méadhbh (N. Mhóra) agus Seán (R5) duais don aisteoir is fearr! Maith sibh a ghasúir !!!!



## Bliots Liathróid Láimhe 22/2/24



Chuaigh Rang 4,5 agus 6 chuig Cill Chiaráin chun páirt a ghlacadh i mbliots Liathróid Láimhe a bhí eagraithe ag Clár na gCluichí Gaelacha. Bhí níos mó ná 50 gasúr uilig ó scoileanna difriúla ann. D'éirigh go maith le na gasúir ar fad sna cluichí. Comhghairdeas speisialta le Seán (Rang a 5) a bhain áit sa gcluiche leathcheannais i gcomórtas na mbuachaillí agus le Sorcha (R6) a bhain áit amach i gcluiche ceannais na gcailíní!



## Cuairt ó Heritage in Schools 5/3/24



Bhí tráthnóna an-suimiúil ag Rang 3-R6 nuair a tháinig an stairí Simon O'Dwyer isteach ag caint leo. D'fhoghlaim siad faoi uirlisí tríd na blianta agus fuair siad seans cuid acu a úsáid.

## Stáisiúin na Cásca 7/3/24



Bhí gasúir ón Naíonra istigh le stáisiúin na Cásca a dhéanamh linn. Bhí an-spraoi ag chuile dhuine ag déanamh cluichí, ealaín agus cócaireacht. Bhain na gasúir an-sult as!

## Lá Domhanda Leabhar 7/3/24



Ghléas na gasúir suas mar an charachtéir leabhar is fearr leo. Bhí seó faisin againn agus an-spraoi. Taitnionn an lá seo go mór le na gasúir!

## Coirm 14/3/24



Chuaigh na Naíonáin isteach chuig Amharclann Chathair na Gaillimhe mar chuid den bhféile Coirm len dráma 'Na Trí Mhuichín'. Is iontach an deis é seo le bheith ar an stáitse! Bhuaigh siad duais don feistis agus don siamsaíocht. Maith sibh !

## Ceolchoirm 14/3/24



Chuaigh na hArdranganna chuig SCC chun an cheolchoirm 'All Shook Up' a fheiceáil. Is deis iontach do na gasúir scolairí níos sine a fheiceáil ar an stáitse. Bhí an-lá ag na gasúir ann!

## Maidin Oscailte 15/3/24



Bhí maidin oscailte againn do na gasúir nua a bheidh ag teacht sa bhliain nua. Chuaigh na gasúir scoile isteach sna seomra ranganna nua freisin le taithí a bheith acu sna seomraí nua.

## Paráid 17/3/24




Ghlac muid páirt sa bparáid ar an gCeathrú Rua arís i mbliana. An téama a bhí againn ná Na Beacha atá gnóthach ag bailiú na Mil-te!!! Bhí muid uilig gléasta mar bheacha. Bhuaigh muid an dara háit i mbliana. Míle buíochás le Rang Áine a bhí á eagrú.

## Céad Fhaoistin 19/3/24

Bhí lá fíor speisialta ag Rang a 2. Tháinig an t-athair Daniel isteach chun a gcéad fhaoistín a cheiliúradh leo.  Bhí siad breá sásta nuair a fuair siad uachtar reoite ina dhiaidh!




## Féile Scoildrámaíocht 21/3/24

Bhí na hardranganna ar ais ar an stáitse leis an ndráma 'An t-Oráiste' i Seanscoil Sailearna i mbabhta Chonnacht don bhféile Scoildrámaíocht. Beidh muid ag súil le na torthaí anocht!

## Bronnadh Seic 21/3/24



Tháinig Tina (máthair Fionn agus Lía) isteach chun seic a bhronnadh orainn. Rinne sí cúrsa Pilates agus chuir sí an t-airgead i dtreo ár bhfeachtas bailiúchán airgid. Bhailigh sí €2270!!!! Beidh sí ag déanamh cúrsa eile tar éis na Cásca!! Go raibh míle maith agat a Tina. Tá muid fíor bhuíoch!!!




*Ag guí Cáisc shona oraibh ar fad!*

*Foireann na Scoile*

Athoscailt na scoile: 8/4/24